

Vacsáin Fliú

Eolas d'Oibrithe
Cúram Sláinte



Comhairle
Sláinte Poiblí



Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.



Eolas d'Oibrithe Cúram Sláinte

Vacsáin Fliú 2020-2021

Is ionfhabhtú tromchúiseach víreasach é an fliú, a d'fhéadfadh duine a chur i mbaol a bháis.

Má fhaigheann tú an vacsaín fliú, ní hamháin go gcosnóidh tú thú féin ón bhfliú, ach seachnófar scaipeadh an fhlíú i measc na ndaoine timpeall ort.

Tá sé rí-thábhachtach an vacsaín fliú a fháil chun bac a chur le scaipeadh an fhlíú i mbliana; d'fhéadfadh ionfhabhtú fliú agus COVID-19 a bheith marfach duit féin agus do do chuid othar.

Is féidir leat beatha daoine a shábháil má fhaigheann tú an vacsaín fliú.



Céard is fliú séasúrach ann?

Is breoiteacht víreasach an-tógálach sa chonair riospráide é an fliú. Bíonn an chuid is mó daoine a bhfuil an fliú orthu breoite ar feadh 5-7 lá agus teocht ard, scornach thinn, pianta sna mataín, tuirse agus tinneas cinn orthu.

D'fhéadfadh an fliú a bheith ina chúis le breoiteacht níos tromhchúisí a d'fhéadfadh duine a chur i mbaol a bháis. Faigheann 200-500 duine bás de bharr an fhlíú in Éirinn gach bliain agus bíonn cúram san ospidéal ó na mílte duine dá bharr.

Cé na haimhréidheanna a bhaineann leis an bhfliú?

Is féidir le haon duine a bheith buailte ag an bhfliú agus d'fhéadfadh aimhréidheanna tromchúiseacha an fhlíú a bheith ann ag aois ar bith.

Bíonn an baol is mó galair thromchúisigh agus báis i measc daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte orthu, i measc mná torracha agus i measc seanóirí.

D'fhéadfadh broincíteas, niúmóine agus, go fíorannamh, einceifealaíteas géar, a bheith ina n-aimhréidheanna ar an bhfliú.

Is féidir leis an bhfliú riochtaí sláinte atá ar dhuine cheana a dhéanamh níos measa, cuir i gcás galar croí.

Is féidir le hionfhabhtú fliú le linn toirchis a bheith ina chúis le breoiteacht thromchúiseach agus méadaítear ar an mbaol breithe anabái, mínormáltachtaí ó bhroinn, breithe réamhaibí agus marbh-bhreithe.

Conas a scaiptear an fliú?

Scaiptear an fliú trí chasacht agus trí shraothartach.

Is féidir an fliú a scaipeadh trí theagmháil le dromchlaí nó le nithe a bhfuil an víreas fliú orthu agus do bhéal nó do shrón a theagmháil ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh daoine a bhfuil an fliú orthu a bheith ionfhabhtach ó 1-2 lá sula dtosóidh na hairíonna go dtí 3-5 lá tar éis do na hairíonna tosú. **Ciallaíonn sin go bhféadfadh othar leochaileach an víreas fliú a tholgadh uaitse fiú sula mbeadh a fhios agat féin go bhfuil tú breoite.**

Uaireanta, ní bhíonn airíonna ar dhaoine a bhfuil an fliú orthu ach bíonn siad fós in ann an t-ionfhabhtú a scaipeadh i measc daoine eile.

Má tá airíonna fliú ort, fan sa bhaile. Ná téigh go dtí an ionad oibre ná ná tabhair cuairt ar ospidéal, saoráidí cúram cónaithe ná daoine leochaileacha. Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

Cén fáth a bhfuil an vacsaín fliú de dhíth orm má táim sláintiúil?

Oibríonn tú san earnáil sláinte agus tá tú níos mó i mbaol an fliú a tholgadh mar sin de. Tá an baol a dheich oiread níos airde duitse ná mar atá sé don phobal i gcoitinne. Ciallaíonn sé sin freisin gur dóichí gur féidir leatsa an fliú a scaipeadh i measc daoine eile.

Is maith an seans nach bhfaighidh seanóirí agus othair atá i mbaol a ndóthain cosanta ón vacsaín iad féin, agus fágann sé sin go mbíonn siad ag brath ortsa chun iad a choinneáil slán.

Cén fáth a gcaithfidh mé an vacsaín fliú a fháil gach bliain?

Athraíonn na víris fliú a bhíonn á scaipeadh ó bhliain go bliain agus mar sin de, athraítear an vacsaín fliú gach bliain chun cosaint ar thréithchineálacha nua an víris fliú a chur ar fáil. Cuireann an vacsaín fliú cosaint ar fáil ar cheithre thréithchineál den víreas fliú atá á scaipeadh i measc an phobail.



Cá fhad a thógann sé go dtí go dtosóidh an vacsaín ag obair?

Tosóidh an vacsaín ag obair taobh istigh de dhá sheachtain.

Cé chomh sábháilte is atá an vacsaín fliú?

Tá vacsaíní fliú an-shábháilte. Tá siad á dtabhairt le breis is 60 bliain anuas do na milliúin duine ar fud an domhain.

Cé hiad na daoine ba chóir a vacsaíniú?

Moltar an vacsaín fliú do na hoibrithe cúraim sláinte go léir, lena n-áirítear:

- Baill foirne leighis, altranais agus paraimhíochaine
- Mic léinn leighis, altranais agus paraimhíochaine
- Gairmithe agus mic léinn sláinte chomhghaolmhara
- Na foirne uile i gcleachtas dochtúra teaghlaigh
- Pearsanra fiacloireachta
- Póirtéirí agus glantóirí ospidéal
- Foireann tacaíochta ghinearálta
- Pearsanra otharchairr
- Foireann i seirbhísí míchumais agus seirbhísí cúram sóisialta, go háirithe iad siúd atá i suíomhanna cónaitheacha
- Foireann riaracháin cúraim sláinte
- Cúramóirí
- Lucht cúram sláinte eile a mbíonn i dteagmháil acu le hothair



Ar chóir d'oibrithe cúraim sláinte atá ag iompar clainne an vacsaín a fháil?

Ba chóir. Moltar an vacsaín fliú shéasúraigh do bhean ar bith atá ag iompar clainne. Moltar í toisc gur mó an baol go dtiocfadh aimhréidheanna tromchúiseacha orthu mar gheall ar an bhfliú. Is féidir leis an bhfliú a bheith ina chúis le breith réamhaibí, breith anabai agus marbh-bhreith.

Cosnaíonn an vacsaín fliú mná torracha i rith a dtoirchis agus cuireann sí cosaint leanúnach ar fáil dá bhabaithe nuabheirthe i rith na gcéad mhíonna dá saol.

Má tá tú ag iompar clainne, léigh bileog fliú FSS do mhná torracha.

An bhfuil daoine ann nach féidir leo an vacsaín fliú a fháil?

Is féidir leis an gcuid is mó daoine an vacsaín fliú a fháil.

Moltar nach bhfaigheadh iad siúd ar tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) orthu roimhe seo i leith dáileog den vacsaín fliú, nó i leith ceann ar bith dá comhábhair, an vacsaín fliú.

Níor cheart d'othair a bhfuil cóireáil de choscairí seicpointe comhchineálacha (e.g. ipilimumab agus nivolumab) á cur orthu an vacsaín fliú a fháil, toisc go bhféadfadh líon na bhfrithghníomhuithe díobhálacha atá bainteach leis an imdhíonacht a bheith méadaithe.



Céard faoi dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu?

Is féidir le daoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu an vacsaín fliú shéasúraigh a fháil. D'fhéadfadh do dhochtúir teaghlaigh, nó do chógaiseoir an vacsaín a thabhairt duit, d'fhéadfá í a fháil i d'ionad oibre, nó seans go mbeadh gá le tú a chur ar aghaidh chuig speisialtóir ospidéal.

Cathain ar chóir duit an vacsaín fliú a chur siar ar chúis éigin?

Má tá tú breoite, agus má tá do theocht os cionn 38°C, tá seans ann go gcaithfí an vacsaíniú a chur siar go dtí go mbeadh biseach ort.

An féidir leis an vacsaín fliú an fliú a chur orm?

Ní féidir. Níl aon víreas beo sa vacsaín agus ní féidir léi an fliú a chur ort.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

Is éadrom go maith iad na fo-iarmhairtí is coitianta a tharlaíonn, ina measc tinneas, deirge nó at san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh tinneas cinn, fiabhras, pianta agus tuirse teacht ar dhuine freisin.

Cuimhnigh, mura mbíonn tú ar fónamh tar éis duit vacsaín a fháil, go mb'fhéidir go bhfuil cúiseanna eile leis sin. Ná déan talamh slán de gurb í an vacsaín is cúis leis.



Má tá do theocht ard, fan sa bhaile agus cuir glao ar do dhochtúir teaghlaigh maidir le comhairle leighis.

Cá háit is féidir liom an vacsaín a fháil?

Déan teagmháil le do vacsaíneoir piara, do bhainisteoir líne nó leis an rannóg sláinte ceirde.

Tá an vacsaín fliú le fáil saor in aisce ó do dhochtúir teaghlaigh nó do chógaiseoir freisin.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach:

www.hse.ie/flu

Is féidir leat nasc leis an mbileog faisnéise d'othair maidir leis an vacsaín a fháil freisin ag www.hpra.ie. Déan cuardach ar Vacsaín Fliú Cheathairfhiúsach (víorón scoilte, neamhghníomhach) nó déan an cód QR a scannadh chun an bhileog ábhartha faisnéise d'othair a léamh.



An Oifig Náisiúnta Imdhíonta

www.hse.ie/flu

Cód Ordaithe: HNI00721

Meán Fómhair 2020



Cosain thú féin.
Cosain daoine eile.

